

Bíodh am agat do do shláinte bhrollaigh

Fad is go bhfuil sé go hiontach dea-scéal a fháil tar éis do mhamagraim, is féidir athruithe a tharla i do chíocha ag tráth ar bith agus mar sin tá sé tábhachtach go bhfanann tú cíoch-eolach.

Má thugann tú aon chomharthaí nó athruithe i do chíocha faoi deara nó má tá imní ort faoi aon fhadhb chíche téigh chuig do DG (dochtúir teaghlaigh) láithreach.

Bí cíoch-eolach

Is féidir le mná d'aois ar bith ailse chíche a fháil ach méadaíonn an riosca de réir mar a théann tú in aois. Is cuma cén aois thú tá sé tábhachtach a bheith cíoch-eolach i gcónaí.

- Bíodh a fhios agat cad atá normalta do do chorp.
- Bíodh a fhios agat cad iad na hathruithe le tógáil faoi deara.

Cén athruithe ba chóir dom a lorg agus aireachtáil dóibh?

- Aon chnapanna nó tiúchan neamhghnách i do chíoch
- Loigineacht, rocadh nó deirge an chraicinn
- Sine a bhfuil cuma tharraingthe isteach nó leata uirthi
- Gríos nó craiceann gainneach nó sceamhaithe timpeall na sine
- Athrú i méid nó cruth do chíche
- At i d'ascaill nó timpeall do dhealracháin
- Síorphian i gcuid amháin de do chíoch nó d'ascaill

Níos mó eolais

Le haghaidh níos mó eolais, Saorghlao BreastCheck ar 1800 45 45 55 nó tabhair cuairt ar www.breastcheck.ie



Clár maoinithe ag an Rialtas is ea BreastCheck agus cuid den tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála.

www.breastcheck.ie

COM-051 Rev02